Comhairle an
Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 31 Bealtaine 2022**
**(OR. fr)**

**9519/1/22**
**REV 1**

**SOC 313**
**EMPL 207**
**EDUC 192**
**ECOFIN 506**

**NÓTA**

| | |
|---|---|
| ó: | An Uachtaránacht |
| chuig: | Coiste na mBuanionadaithe/An Chomhairle |
| Ábhar: | Na spriocanna náisiúnta aon bhliain amháin tar éis Chruinniú Mullaigh Sóisialta Porto<br>- Malartú tuairimí |

## I. RÉAMHRÁ

Ba chéim mhór i dtreo Eoraip shóisialta é Cruinniú Mullaigh Sóisialta Porto a bhí ar siúl an 7 agus an 8 Bealtaine 2021 ag ar cuireadh plean gníomhaíochta i láthair chun colún Eorpach na gceart sóisialta a chur chun feidhme chomh maith leis na trí phríomhsprioc do 2030, ar dhíol sásaimh iad do cheannairí an Aontais i gcomhthéacs Dhearbhú Porto an 8 Bealtaine 2021:

- **Ráta fostaíochta de 78 % ar a laghad i measc an daonra idir 20 agus 64 bliana d'aois,** lena n-áirítear laghdú 50 % ar a laghad a dhéanamh ar an mbearna fostaíochta idir na hinscní, soláthar oideachas agus cúram foirmiúil na luath-óige a mhéadú agus laghdú 9 % ar a laghad a dhéanamh ar ráta na ndaoine óga idir 15 agus 29 mbliana d'aois nach bhfuil i mbun oideachais, fostaíochta ná oiliúna (NEET);

- **Ráta bliantúil oiliúna aosach de 60 % ar a laghad,** agus béim a leagan ar luathfhágáil na scoile a laghdú agus ar scileanna digiteacha chun a áirithiú go mbeidh scileanna bunúsacha digiteacha ag ar a laghad 80 % de dhaoine idir 16 agus 74 bliana d'aois;

- **Ar a laghad 15 mhilliún níos lú duine i mbaol bochtaineachta nó eisiaimh shóisialta** (i gcomparáid le 2019), lena n-áirítear 5 mhilliún leanbh ar a laghad.

Chun na cuspóirí sin a chur chun feidhme agus a bhaint amach ar leibhéal an Aontais, i gcomhréir leis an bPlean Gníomhaíochta chun Colún Eorpach na gCeart Sóisialta a chur chun feidhme agus chun freagairt don iarraidh i nGealltanas Sóisialta Porto, d'iarr an Coimisiún Eorpach ar na Ballstáit, i samhradh 2021, na trí chuspóir sin a chur chun feidhme ar bhonn náisiúnta. Chuige sin, bhí gach Ballstát rannpháirteach sa chomhairliúchán fairsing leis na comhpháirtithe sóisialta náisiúnta agus leis an tsochaí shibhialta, agus san obair theicniúil.

Beidh baint ag spriocanna Eorpacha agus náisiúnta le faireachán a dhéanamh ar chur chun feidhme phrionsabail Cholún Eorpach na gCeart Sóisialta, a bhaineann leis an gcomhordú a dhéanfar ar bheartais an tSeimeastair Eorpaigh.

## II. TORTHAÍ NA hOIBRE NÁISIÚNTA

Sa phlé déthaobhach, d'oibrigh an Coimisiún agus na Ballstáit chun na spriocanna náisiúnta a choigeartú sular ghlac siad iad. Tar éis an phlé sin, is léir go mbeidh sé indéanta, leis na spriocanna a leag na Ballstáit síos, dul níos faide ná na spriocanna Eorpacha maidir le fostaíocht agus laghdú na bochtaineachta a fógraíodh in Porto, agus druidim leis an sprioc maidir le scileanna.

## III. CONCLÚID

Agus an obair sin a thabhairt dá n-aire, iarrtar ar na hairí a dtuairimí a chur in iúl maidir leis na spriocanna náisiúnta ar bhonn na gceisteanna seo a leanas:

- *Conas a léirítear agus a chuirtear chun suntais na tosaíochtaí beartais a leagtar síos ar an leibhéal náisiúnta trí spriocanna náisiúnta a leagan síos?*

- *Conas atá na comhpháirtithe sóisialta agus an tsochaí shibhialta rannpháirteach i sainiú agus i mbaint amach na spriocanna náisiúnta i do Bhallstát? An bhfuil geallsealbhóirí eile rannpháirteach?*

- *I do thuairim, conas a neartaítear Eoraip shóisialta trí spriocanna náisiúnta a leagan síos? An measann tú gur céim thábhachtach chun cinn é malartú dea-chleachtais idir na Ballstáit chun cuspóirí Eorpacha agus náisiúnta araon a bhaint amach? Más amhlaidh, conas a d'fhéadfaí na malartuithe sin a eagrú dar leat?*